

## ❖ An Lúbín ❖

31 Lúnasa 2009

### **An Roinn faoi bhláth**

*The Minister for Irish insists that his department has a future.*

Ní raibh riamh sa scéal ach ráfla agus luaidreán, más fíor. Níl an Roinn Pobal, Gnóthaí Tuaithe agus Gaeltachta i mbaol a scriosta, cé nach mór na pingíní a choigilt agus costas a laghdú, agus ní bheidh maoiniú breise le fáil. Sin breith an Aire Ó Cuív, mar a cuireadh in iúl don *Galway Independent* í. Is gearr ó moladh go gcuirfí an Roinn ar ceal chun airgead a spáráil, ach tá misneach fós san Aire agus flúirse airgid le dáileadh aige d'ainneoin dhianmheath an gheilleagair Éireannaigh.

Déanann Gaeilgeoirí talamh slán de go mbeadh an Ghaeilge nó an Ghaeltacht nó rud éigin i gcontúirt dá rachadh an Roinn ar shlí na fírinne. Tá an ceart acu sa mhéid gur tríd an Roinn a thagann cuid mhaith den mhaoiniú a spréitear ar ghort na Gaeilge ó bhliain go bliain. Scéal eile is ea éifeacht an leasaithe sin, agus is deacair gan a mheas gur beag rath atá ar chuid mhaith den chaiteachas. An bhfuil gá fós le hÚdarás na Gaeltachta, agus níos lú ná 2% de phobal ina gcainteoirí dúchais? Aithníonn an tAire, ar a laghad, go mbeidh tábhacht le Gaeltachtaí nua cathrach feasta, ach cuimhníonn a leithéidí ar an seansaol i gcónaí.



### **Tionscadal Foclóra**

*Regiments are being recruited for the new English-Irish Dictionary.*

Tá Tionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge ag meilt na bhfocal go mall agus go mion, agus anois tá gá le haistritheoirí cáilithe chun leagan Gaeilge d'ábhar Béarla a sholáthar. Deirtear gur 'pacáistí oibre ar conradh' a bheidh i gceist agus gearrthhréimhsí ag teastáil lena ndéanamh. Tionscadal baile ba ea an fhoclóireacht Ghaeilge le linn an Duinnínigh agus le linn de Bhaldráithe féin, nó geall leis. Anois tá blas an chliarlathais ar an saothar. Dá chomhartha sin, seo na critéir atá leagtha síos d'aistritheoirí sna fógraí:

#### Critéir Riachtanacha

- Ardliófacht sa Ghaeilge
- Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge
- Eolas ar úsáid na gcorpas mar uirlisí taighde mhórchanúintí na Gaeilge
- Ardchruinneas scríofa sa Ghaeilge
- Ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil
- Taithí i réimse an aistriúcháin
- Ardtuiscint ar an téarmaíocht oifigiúil
- Scileanna ríomhaireachta

#### Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar réimse na foclóireachta
- Eolas ar úsáid na gcorpas mar uirlisí taighde
- Eolas ar fheidhmchláir scríofa foclóra Gaeilge na Gaeltachta ó dhúchas
- Taithí ar fhoireann a stiúradh
- Cáilíocht bhreise a bhaineann le sainchúraimí na hoibre, m.sh. an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí

- Freastal déanta ar cheann de na cúrsaí oiliúna san fhoclóireacht dhátheangach a reáchtáil Foras na Gaeilge cheana

Tá galar an tsonraíochais le haithint go soiléir anseo, galar ar cuid dílis é den saol mar atá sé anois. Aon duine sároilte a bhfuil speis aige san obair, gheobhaidh sé an fhoirm iarratais ag [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie). 18 Meán Fómhair 2009 an spriocdháta.



### **Deontais Ghàidhlig**

*Gaelic-language streams are being promoted in Highland schools.*

Tá an tAire Stáit don Gàidhlig in Albain, Michael Russell, tar éis a rá go bhfuil deontas £1.5m le tabhairt ar son oideachais trí Ghàidhlig sna Garbhchríocha. Beidh breis sruthanna Gàidhlig i scoileanna ar fud na tíre ann agus tá Comhairle na nGarbhchríoch ag smaoineamh ar scoileanna Gàidhlig a chur ar bun i bPort Rìgh agus sa Ghearasdan. Tá scoileanna Gàidhlig le fáil cheana in Inbhir Nis agus i nGlaschú, agus dealraíonn sé go bhfuil an rath céanna orthu is atá ar a leithéidí in Éirinn.

Ba dheacair gan aontú le hArtúr Mac Cormaic ó Bhord na Gàidhlig agus é á rá go gcaithfear scoileanna den saghas sin a bheith ann chun glúin nua de chainteoirí Gàidhlig a chothú. In Inse Gall féin is í úsáid na teanga i gcúrsaí scolaíochta an rud is mó a choinníonn an dé sa Ghàidhlig sna ceantair a bhfuil sí i mbaol. Chomh maith leis sin, gríosáíonn an t-oideachas lán-Ghàidhlig daoine chun an teanga a úsáid i ngach réimse eile dá saol.



### **Easpa uisce**

*UN agencies and others are warning yet again that the world's water must be economised.*

Deir tuarascáil nua de chuid na Náisiún Aontaithe gur mór an easpa bia a bheidh ar an Áise feasta agus go mbeidh achramn agus imirce ar siúl ar fud an réigiúin mura gcaitear na céadta billiún dollar chun córais uiscithe a fheabhsú, agus an daonra ag méadú i gcónaí. Eolaithe ó Eagraíocht an Bhia agus an Uisce (FAO) agus ón Institiúid Idirnáisiúnta um Riar Uisce (IWMI) a scríobh an tuarascáil. Deir sí nach seachnódh an India, an tSín agus tíortha móra eile an gorta sna seachnóidí agus sna hochtóidí murar thóg an stát córais ollmhóra uiscithe agus gur bhaineadh tairbhe as síolta agus leasú nua. Ach méadófar an t-éileamh a bheidh ar bhia san Áise faoi dhó agus 1.5 milliún duine sa bhreis ina gcónaí ann faoin mbliain 2050.<sup>1</sup>

Is beag talamh nua atá le fáil le haghaidh curadóireachta, tá an t-uisce go léir á úsáid agus ní fios cén t-athrú a thiocfaidh ar an aeráid: ní foláir, mar sin, an leas is mó a bhaint as an uisce atá ar fáil. Is minic anois go mbaineann feirmeoirí feidhm as caidél shaora Shíneacha le go bhféadfaidís teacht gan dua ar na huiscigh. Theip ar na húdaráis é seo a threorú, agus tá dobharchláir i gceantar éigin san India agus sa tSín ag titim go tubaisteach. Chomh maith leis sin, tá daoine saibhre ag tréigean na ríse agus an arbhair agus ag iompú ar bhia iartharach, leithéid na feola agus bia déiríochta, a dteastaíonn breis uisce uaidh.

<sup>1</sup> 'Asia facing unprecedented food shortage, UN report says: Major investment in irrigation systems needed to feed population expected to grow by 1.5 billion over next 40 years,' John Vidal, *The Guardian*, 17/8/09.

Féach freisin <http://www.un.org/waterforlifedecade/> agus <http://www.un.org/apps/news/story.asp?NewsID=30167&Cr=water&Cr1=supply>.

Caithfear lítear uisce a úsáid chun calra amháin bia a dhéanamh, agus dá bhrí sin beidh gá le suas le 6,000 ciliméadar ciúbach uisce in aghaidh na bliana uaidh seo amach – dhá oiread is a úsáidtear anois. Tá súil ag na Náisiúin Aontaithe go mbeidh 2.5 milliún duine sa bhreis ann faoi cheann daichead bliain, agus go mbeidh a bhformhór le fáil i dtíortha atá ag teacht chun cinn. D’fhéadfadh daonra na hAfraice méadú faoi dhó; b’fhéidir go dtiocfadh méadú 30% ar dhaonra na hÁise agus méadú 85% ar dhaonra na Pacastáine.



### Éireannaigh sa Spáinn

*From the start of the 17<sup>th</sup> century the Irish were a notably active community in Spain, of many occupations and every social class. Only now is their history being explored in detail by scholars like Óscar Recio Morales.*

Díol mór spéise agus taighde anois iad na hÉireannaigh, idir mhná agus fhir, a bhí ina gcónaí sa Spáinn sa 17<sup>ú</sup> haois agus ina dhiaidh sin: ceannaithe, saighdiúirí, mná uaisle agus a lán eile. Bhí siad misniúil agus seiftiúil, agus tá staraith ann anois a dhéanann speisialtacht dá scéal. Orthu sin tá Oscar Recio Morales, scoláire a bhfuil na cartlanna cíortha aige.<sup>2</sup>

Ba leathan é an limistéar a bhí faoi smacht na Spáinne. Mar a deir Recio Morales, tá léargas ar nádúr ileitneach na ríochta sin le fáil ó na mílte Pléimeannach, Gearmánach, Iodálach agus Éireannach arbh iad an chuid ba mhó d’arm ilnáisiúnta na Spáinne iad agus a bhain amach na poist ab airde san arm agus sa chóras riaracháin. Go dtí le déanaí is minic a tugadh cuntas sách rómánsach ar na hÉireannaigh sa Spáinn agus gan mórán eolais chruinn le fáil ar a líon nó ar conas a chuaigh siad i bhfeidhm ar shaol na tíre nua. Deirtí gur bhain na hÉireannaigh amach an Spáinn de bharr na géarleanúna amháin, ach scéal é sin atá bunoscionn leis an taighde is déanaí.

Déanann Recio Morales léiriú nua ar an bpobal casta Éireannach seo sa Spáinn - saighdiúirí, feidhmeannaigh, ceannaithe, mic léinn agus cléirigh - agus ar na seifteanna a d’úsáid siad chun maireachtáil i dtír a bhí an-difriúil lena dtír féin. Caithfear a lán rudaí a chur san áireamh agus na cúrsaí seo á bplé. Cúrsaí oibre, mar shampla: bhí poist le fáil i reisimintí na hEorpa. Ní féidir saighdiúirí Éireannacha i Spáinn na mBúrbónach nó ceannaithe móra Éireannacha Cádiz, mar shampla, a phlé gan trácht a dhéanamh ar chúrsaí polaitíochta agus creidimh sna coláistí Éireannacha san 18<sup>ú</sup> haois. Fágann sin gur cóir cuimhneamh ar a lán cúrsaí idirghaolmhara sa bhaile agus i gcéin agus imirce na nÉireannach chun na Spáinne á scrúdú.

Aithnítear anois go raibh an t-inimirceach aonair in ann a iomaire féin a threabhadh agus go raibh sainiúlacht ag baint leis an bpobal Éireannach. Ach níorbh fhurasta do na hÉireannaigh teacht chun réitigh le saol na Spáinne; ba ‘strainséirí’ iad, fiú agus iad ina gChaitlicigh, agus doicheadall rompu uaireanta dá bharr. Ba chúis mhórtais do na hÉireannaigh é nár de phór Giúdach ná Muslamach iad (dearcadh an-Spáinneach ann féin) agus deiridís gur de chlann Mhíle, ‘na chéad Spáinnigh,’ iad.<sup>3</sup>

Is léir ó na cáipéisí gur bhain na hÉireannaigh tairbhe as trí rud chun na húdaráis a thabhairt leo: pór Spáinneach a bheith iontu, an tseirbhís a thug siad don Spáinn, agus iad a bheith dlíis don Chreideamh. Sa bhliain 1608 fuair Esteban Lynch, ceannai Éireannach, deontas 800 ducat toisc gur thug sé armlón anonn chun na hÉireann le haghaidh tiarna áirithe. I dtús an 18<sup>ú</sup> haois, rinne forógra ríoga a bhí i bhfabhar ceannaithe Éireannacha tagairt don mhíotas Míleach. Chuireadh na hinimircigh cath Chionn tSáile (cath arbh fhéarr leis na Spáinnigh é a dhearmad)<sup>4</sup> i gcuimhne gan stad d’airí rialtais ina gcuid achainithe. Bhí mórán easpag Éireannach sa Spáinn, go háirithe le linn Eilíse (1558-1603) agus cheap Pilib II mar easpaig chúnta i ndeoisí Spáinneacha iad, rud a raibh baint aige le bunú

<sup>2</sup> ‘Irish émigré group strategies of survival adaptation and integration in seventeenth and eighteenth-century Spain,’ Óscar Recio Morales, in O’Connor, Thomas & Lyons, Mary Ann (eag.) *Irish Communities in Early-Modern Europe*. Dublin: Four Courts Press 2006. Lgh 240-266. Tá an t-alt le fáil freisin ag [http://www.irishinspain.org/archivos/libtoconnor\\_oremo.pdf](http://www.irishinspain.org/archivos/libtoconnor_oremo.pdf).

<sup>3</sup> Tá tagairt anseo don scéal (saghas míotas cine) gur ón Spáinn a tháinig sinsir na nGael.

<sup>4</sup> Sa bhliain 1601 bhuaigh fórsaí na Banríona ar fhórsa Éireannach agus Spáinneach ag Cionn tSáile, agus ba ghearr ina dhiaidh sin gur imigh na huaisle ba mhó gradam ó Éirinn.

na gcoláistí Éireannacha sa Spáinn, sa Phortaingéil agus i bhFlóndras. Ba mhínic aifreann comórtha á léamh i séipéal an Choláiste i Maidrid, go háirithe ar son Éireannach a fuair bás sa chathair, agus d'fhágadh Éireannaigh airgead ag an gColáiste le huacht.

B'éigean do na hÉireannaigh deimhin a dhéanamh de go raibh meas orthu mar mhionphobal ar leith sa Spáinn seachas mar *extranjeros* (eachtrannaigh). Níorbh fholáir dóibh féiniúlachtaí difriúla a choinneáil i gcoibhneas cothrom chun rath a bheith orthu i gcúrsaí polaitíochta, geilleagair agus sóisialta.

An gcéad ghlúin d'uaisle a bhain amach an Spáinn tar éis dhíomua Chionn tSáile, tháinig dlúthchaidreamh acu lena chéile má ba chomharsana in Éirinn iad agus iad ina gcónaí i dteannta a chéile arís sa limistéar Spáinneach – muintir Shúilleabháin agus muintir Dhrisceoil sa Ghailís, mar shampla, nó Niallaigh Uladh i bhFlóndras. Bhí na Spáinnigh aineolach ar na rialacha a bhain le coibhneas cumhachta i measc Éireannach, ó bhí an córas sóisialta agus polaitiúil thar a bheith casta, agus bhí na tiarnaí Éireannacha féin faoi anáil sean-nósanna a tháinig anuas chucu le sinsearach. Uaireanta d'éirigh le tiarnaí éigin céim níos airde a bhaint amach sa Spáinn ná mar a bhí acu roimhe sin sa bhaile, agus tharlódh aighneas dá bharr.

Bhí an-tábhacht sa Spáinn le céim uaisleachta, ó cheadódh sí duit leas a bhaint as na pribhléidí sóisialta go léir. B'éigean an uaisleacht sin (*calidad*) a chruthú, agus ó thús an 17ú haois bhí gá le mórán finnétithe chun a dearbhú gur chóir duine a ligean isteach mar dhuine uasal in ord míleata. Bhí sé de cháil ar Éireannaigh i gcúirt na Spáinne go 'gcaillidís' cáipéisí áirithe, agus fuair Recio Morales mórán gearán faoin easpa cáipéisí ó Éirinn a bhí ar inimircigh, go háirithe ábhar ginealaigh. Mar a dúirt Éireannach áirithe sa bhliain 1711, ba dheacair teacht ar a leithéid d'eolas toisc nach raibh sé de nós in Éirinn baisteadh linbh a thaifeadadh agus go raibh sé thar a bheith deacair cáipéisí a bhailiú le chéile le tamall de bhlianta anuas. Níor mhór an fhadhb í i gcúrsaí tráchtála toisc gur chaidreamh pearsanta ba thabhairt sna cúrsaí sin. Lean a lán Éireannach sean-nós Spáinneach agus teidil uaisleachta á ndíol acu nuair a bhí siad i bpráinn cheal airgid.

B'fhéidir le hinimircigh gan mhórán Spáinnise cabhair a iarraidh ar idirghabhálaithe Éireannacha sa chúirt. Orthu siúd bhí an tAthair Flaithrí Ó Conraoi, 'coimirceoir na nÉireannach' (*protector de los irlandeses*) ón mbliain 1604 amach. Bhíodh seanréimeas na Spáinne ag brath ar *hechuras personales*, seirbhís agus lándíseacht a thabhairt do phátrún. Bhí a leithéid de nós ag na hÉireannaigh féin sa bhaile, agus bhainidís tairbhe as arís sa Spáinn trína muintir féin. Bhí aird ag na mná ar chás a gcairde: thugaidís iasachtaí beaga dá chéile, agus d'iarrfadh baintreach saighdiúira cúnaimh ar sheanchomrádaithe a fir chun pinsean míleata a fháil, ó bhíodh moill ar a leithéid.

D'fhéadfadh tír tairbhe ar leith a bhaint as mionphobal eachtrannach de bharr an eolais a bheadh acu ar shaol agus ar aigne níos leithne. Is fíor sin i gcás na gceannaithe Éireannacha, agus iad ag baint leasa as na pribhléidí a tugadh dóibh. Fuair cuid acu *carta de naturalización*, cáipéis a raibh an-tóir uirthi agus a cheadaigh dóibh dul i mbun trádála le Meiriceá Theas de réir coinníollacha áirithe. Bhí Béarla acu, rud a lig dóibh gníomhú thar ceann comhlachtaí Sasanacha nuair ba ghá, agus a lig dóibh gnó a dhéanamh i Londain agus i Meiriceá Thuaidh. Bhíodh bratacha Sasanacha agus Spáinneacha ar bord acu ar eagla na heagla de réir cúrsaí polaitíochta nó ceann scríbe, agus bhíodh na húdaráis Spáinneacha ag gearán toisc go ndéantaí earraí Sasanacha a smuigleáil isteach le cúnaimh na nÉireannach.

Tugann an fhianaise le fios (más fíor do Recio Morales) go n-úsáideadh an chéad ghlúin de Ghaeil Gaeilge mar theanga an bhaile agus go n-úsáideadh na Gall-Ghaeil Béarla mar ghnáthchaint agus mar theanga scríofa. (Is dócha, áfach, go raibh Gaeilge ag roinnt mhaith acu siúd freisin.) Shíl an dá phobal go raibh gá le Spáinnis chun déileáil le cliarlathas ollmhór an *monarquía*. I dtús an 17ú haois bhí na Proinsiasaigh agus na hÍosánaigh ag dul in iomaíocht le chéile chun smacht a fháil ar na coláistí Éireannacha, agus iad ag aighneas faoi cén teanga ba chóir do mhisinéirí a úsáid in Éirinn. Dúirt an tAthair Flaithrí Ó Conraoi gur ghá do mhic léinn Ghall-Ghaelacha máistreacht a bheith acu ar an teanga chun obair fhóna a dhéanamh amuigh faoin tuath: bhí Gaeilge le cloisteáil sna cathracha, ach ní raibh Béarlóirí na gcathrach in ann iad féin a chur in iúl sa chuid eile den tír mura raibh Gaeilge –

an teanga choitianta - acu.<sup>5</sup> Ní dhearna na hÍosagánaigh úsáid na Gaeilge a chrosadh ar mhic léinn ina gcuid cliarscoileanna ar dtús, ach thug siad tús áite do Béarla, agus nuair a lochtaíodh iad dá bharr dúirt siad go raibh cúiseanna praiticiúla leis: ba é an Béarla teanga na cúirte, an dlí agus na réire in Éirinn.<sup>6</sup> Bhí an tuairim seo ag cur go maith leis an taithí a bhí acu ar oibriú na cumhachta i gcoitinne, ach i ndáiríre bhí an ceart ag na Proinsiasaigh: ba í an Ghaeilge an teanga ab fhorleithne fós i measc gach aicme in Éirinn. I mBéarla a scríobhadh mic léinn Éireannacha a gcleachtaí morálta, áfach, agus iad ag déanamh a gcéad chúrsa diagachta in Alcalá, mar síleadh go mbeadh orthu seanmóireacht a dhéanamh sa teanga sin in Éirinn. Sa bhliain 1614, tar éis do leasuachtarán an Choláiste Éireannaigh i Santiago de Compostella, an tAth. Richard Conway (1573-1626), iarratas a dhéanamh, cheadaigh an Chúistiúnacht do na cliarscoileanna an Bíobla a léamh i mBéarla. Bhí cead ag an gColáiste Éireannach in Alcalá roinnt leabhar a bhí ar an Daorchlár a coinneáil sa leabharlann, agus a bhformhór i mBéarla.

Nuair a cuireadh i leith na nÍosagánach gur Béarla amháin a bhí á chur chun cinn acu, ba é an freagra a thug siad uathu nach bhfeádfadh ach triúr as 30,000 cainteoir Gaeilge a dteanga féin a léamh agus a scríobh, ó bhí sí ar na teangacha ba dheacra ar domhan.

Ar éigean atá cáipéisí Gaeilge le fáil i gcartlanna Spáinneacha, rud a thugann le fios (dar le Recio Morales) gur theanga labhartha amháin í an Ghaeilge sa Spáinn agus a laghad sin daoine ann a raibh léamh agus scríobh na teanga acu sa 17ú haois. Taispeánann a chuid taighde ar shaighdiúirí Éireannacha sa Spáinn sa 18ú haois go mbíodh Gaeilge ag saighdiúirí singil ón tuath ach go mbíodh a gceannasaithe in ann Béarla a labhairt agus a scríobh. Bhí ceannasaithe áirithe de chuid na Briogáide Éireannaí in ann Spáinnis a chur ar théacsanna Béarla. B'fhéidir gur i nGaeilge a scríobhtaí litreacha príobháideacha, ábhar nach mbeadh súil agat leis sna cartlanna móra.

Bhí a lán teangacha á labhairt sa Spáinn, ach ba í an Chaistílis gnáth-theanga lucht riaracháin na Spáinne. Bhí an teanga sin agus an mhonarcacht ar an mbeagán rudaí a cheangail an impireacht le chéile. Ó thús an 18ú haois chuir an t-arm Bórbúnach treise ar a thábhachtaí a bhí sé teanga chomhchoiteann a úsáid i reisimintí nua. Sa bhliain 1725 d'fhiafraigh an Cunta de Montemar, ceannasaí Barcelóna, cé acu teanga ba cheart a úsáid i gcomhairlí cogaidh na reisimintí eachtrannacha. Dá n-úsáidfí teangacha eachtrannacha b'éigean feidhm a bhaint as ateangairí agus b'fhéidir go ndéanfaí botúin dá bharr. Dá ligfí do na Vallúnaigh Fraincis a úsáid nó do na hIodálaigh feidhm a bhaint as Iodáilis ba ghearr go mbeadh na hÉireannaigh ag iarraidh dul i muinín na Gaeilge. Chuirfeadh sin an scéal trína chéile i gceart, ós beag eolas a bhí ar an teanga úd sa Spáinn.

Tá neart taighde le déanamh fós ar na hÉireannaigh sa Spáinn, ábhar a ndearna scoláirí áirithe speisialtacht de. I mBéarla nó i Spáinnis atá toradh a saothair le fáil, agus ba mhaith an rud é dá mbeadh cuid den saothar sin le fáil i nGaeilge. Idir an dá linn is fiú féachaint ar an suíomh seo a leanas: <http://irishinspain.org>.

---

<sup>5</sup> I Spáinnis: 'aunque el castellano bien se oyen Galicia, el gallego no se oyen Castilla. Y asi es en Irlanda, que aunque los irlandeses de la tierra por de fuera de las ciudades bien se oyen en ellas, los de las ciudades por falta de la destresa en hablar la lengua vulgar no se oyen en todo lo demas del rey no [ ... ] lo que predicaran en las tierras fuera de las ciudades sera tan obscuro como prophesia'. B'in an freagra a thug Flaithrí Ó Conraoi don Athair Francisco de Valdivieso, ardphrócadóir na nÍosagánach, sa bhliain 1604. Ba é Ó Conraoi (1560-1629) Ard-Easpag Thuama. Bhí sé ina dhiagaí cáiliúil, agus eisean a bhunaigh Cólaiste Éireannach Proinsiasach Naomh Antáine i Lováin.

<sup>6</sup> I Spáinnis: 'porque como es manifiesto a todos ella [inglesa] es la lengua en la qual, y no en la irlandesa, hablan en la corte del reyno; ella sola es la lengua de los tribunales y audiencias del reyno; en ella sola se hazen las escrituras publicas, los letrados relatan los pleitos, los jueces dan sentencias; en ella sola se pregona en las plaças publicas, y apenas se haze o se deshaze cosa de momento o de concierto sino es en lengua inglesa'.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*